

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1458 ÓN gCOIMISIÚN**an 2 Meán Fómhair 2022**

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1095 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaraithe crágaigh since de hídaráit aimíonaigéad mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1095 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh úsáid crágaigh since de hídaráit aimíonaigéad mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim a eisiúint an gcomhlíonfadh údarú crágaigh since de hídaráit aimíonaigéad mar bhreiseán beathaithe fós na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, i bhfianaise modhnú ar théarmaí an údaraithe sin. Is éard atá sa mhodhnú sin leathnú ar na foinsí próitéine le haghaidh na n-aimíonaigéad agus tabhairt isteach sonraíocht íosta le haghaidh saoraimíonaigéid agus sonraíocht níos déine ar an gcion since. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarraidh
- (4) Chinn an tÚdarás ina thuairim an 29 Meán Fómhair 2021 ⁽³⁾ nach modhnaíonn na modhnuithe ar na téarmaí údaraithe ar cuireadh isteach orthu na conclúidí ar thángthas orthu sna measúnuithe roimhe seo maidir le sábháilteacht an spriocspeicis, tomhaltóirí, an comhshaol agus éifeachtúlacht an bhreiseáin beathaithe. Chinn an tÚdarás gur cheart a mheas gur greannaitheoir craicinn agus súl agus gur íogróir craicinn é an breiseán agus luaigh sé go bhféadfadh riosca a bheith ann i ngeall ar nochtadh trí ionanálú. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha ainmhithe arna cur isteach ag an Saotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Leis an measúnú a rinneadh ar na modhnuithe beartaithe maidir leis an údarú, léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (6) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart comhdhéanamh an bhreiseáin a mhodhnú chun an léiriú gur ullmhóid atá sa bhreiseán a áireamh.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1095 a leasú dá réir.
- (8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1095 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2016 maidir le húdarú Dé-híodrát aicéatáite since, Clóiríde since ainhidriúil, Ocsaíd since, Sulfáit since heipteahíodráite, Sulfáite since monaihíodráite, Crágach since de hídaráit aimíonaigéad, Crágach since de hidrealasáití próitéine, Crágach since de hídaráit ghlicín (soladach) agus Crágach since de hídaráit ghlicín (leacht) mar bhreiseáin bheatha le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1334/2003, (CE) Uimh. 479/2006, (AE) Uimh. 335/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 991/2012 agus (AE) Uimh. 636/2013 (IO L 182, 7.7.2016, lch. 7).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(10):6897

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1095, leasaítear iontráil crágaigh since de híodráit aimíonaigéad i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh thréimhse an údaráithe
						Cion na heiliminte (Zn) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile									
"3b606	-	Crágach since de hiodráit aimíonaigéad	<i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i> Ullmhóid de choimpléasc aimíonaigéid since ina ndéantar an since agus na haimínaigéid a dhíorthaítear ó phróitéin soighe a chrágadh trí naisc chomhfhiúsacha chomhordanáideacha, mar phúdar le cion íosta de 10 % since. <i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i> Foirmle cheimiceach: Zn(x)1–3 · nH2O, x = ainian d'aimíonaigéid ar bith ó hidrealasáit phróitéin soighe. Uasmhéid 10 % de na móilíní ar mó iad ná 1 500 Da. <i>Modh anailíse (¹):</i> Maidir le cion iomlán an aimíonaigéid atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD)	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	Madraí agus cait: 200 (iomlán) Salmainidí agus bainne púdrach le haghaidh laonna: 180 (iomlán) Bainbh, cránacha, coiníní, gach iasc seachas salmainidí: 150 (iomlán) Speicis eile agus catagóirí: 120 (iomlán)	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú i mbeatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ion-análú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile, go háirithe i ngeall ar chion na miotal trom lena n-áirítear nicil. I gcás nach féidir na rioscaí sin a laghdú go leibhéal inghlactha leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta cuí a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	27 Iúil 2026

			Maidir le cion iomlán na since atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, AAS (ISO 6869) Maidir le cion iomlán na since sna réamh-mheascáin a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, AAS (ISO 6869) nó — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053) Maidir le cion iomlán na since in ábhair bheatha agus i mbeatha cumaisc a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, AAS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, (larscríbhinn IV-C) nó ISO 6869) nó — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053)						
3b606i	-	Crágach since de hiodráit aimíonaigéad	<i>Tréithriú an bhreiseáin:</i> Ullmhóid de choimpléasc aimíonaigéid since ina ndéantar an since agus na haimíonaigéid a dhíorthaítear ó phróitéin soighe a chrágadh trí naisc chomhfhiúsacha chomhordanáideacha, mar phúdar le cion since 10-11 % agus cion íosta de 17 % saoraimíonaigéad.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	Madraí agus cait: 200 (iomlán) Salmainidí agus bainne púdrach le haghaidh laonna: 180 (iomlán)	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú i mbeatha i bhfoirm réamh-mheascáin.	27 Iúil 2026"

		<i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i> Foirmle cheimiceach: $Zn(x)_{1-3} \cdot nH_2O$, nuair is ionann x agus aimíonaigéad ar bith ó fhoinsí próitéine hidrealaithe ó chleití nó ó phlandaí; Uasmhéid 10 % de mhóilíní ar mó iad ná 1500 Da.				Bainbh, cránacha, coiníní, gach iasc seachas salmainidí: 150 (iomlán) Speicis eile agus catagóirí: 120 (iomlán)	2. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile, go háirithe i ngeall ar chion na miotal trom lena n-áirítear nicil. I gcás nach féidir na rioscaí a laghdú go leibhéal inghlactha leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. 3. I gcás breiseán a tháirgtear ó hidrealú ar phróitéin ainmhíoch, sonrófar an tionscnamh ainmhíoch (<i>speicis éanúla</i>) ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán
		<i>Modh anailíse (!):</i> Maidir le cion iomlán an aimíonaigéid atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD)), Rialachán (CE) 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F) agus EN ISO 17180 Maidir le cion iomlán na since atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, AAS (ISO 6869) nó Maidir le cion iomlán na since sna réamh-mheascáin a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, ASS (EN ISO 6869) nó — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053)					

			Maidir le cion iomlán na since in ábhair bheatha agus i mbeatha cumaisc a chainníochtú: — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó — speictriméadracht ionsú adamhaigh, AAS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, (larscríbhinn IV-C) nó ISO 6869) nó — speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053)						
--	--	--	---	--	--	--	--	--	--

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>